Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2019
(OR. en)

10297/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0210(COD)**

PECHE 290
CADREFIN 281
CODEC 1232

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (CEMI)<br>- Cur chuige ginearálta páirteach |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 12 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuireadh an togra seo faoi bhráid na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 18 Meitheamh 2018.

2. Caithfear togra CEMI a mheas i gcomhthéacs an togra ón gCoimisiún don chreat airgeadais ilbhliantúil do 2021-2027 (CAI)[1] agus an togra ón gCoimisiún lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir leis na cistí cothrománacha[2] (Rialachán na bhForálacha Coiteanna).

[1] Togra an Choimisiúin don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 (COM(2018) 321 final); (COM(2018) 322 final); (COM(2018) 323 final); COM(2018) 324 final).

[2] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin, agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí, COM/2018/375 final - 2018/0196 (COD).

3. Is é is aidhm do CEMI cistiú ó bhuiséad an Aontais a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt don Chomhbheartas Iascaigh (CBI), do bheartas muirí comhtháite an Aontais agus do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh i dtaca le rialachas aigéan. De réir na teachtaireachta CAI, leanfaidh CEMI nua, amhail an ceann reatha, de bheith ina ionstraim thábhachtach chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí CBI; is é sin go háirithe, earnáil iascaigh inbhuanaithe de chuid an Aontais agus tacaíocht le haghaidh pobail chósta a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaigh. Lena chois sin, beidh sé go fóill ina uirlis luachmhar d'fhonn an gheilleagair ghoirm san iascach agus dobharshaothrú a chur chun cinn, ag tacú dá réir sin le fás agus le poist a chruthú, agus an mhuirthimpeallacht a chosaint san am céanna.

4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún a dtuairimí uathu an 12 Nollaig 2018 agus an 16 Bealtaine 2018 faoi seach.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ar an 4 Aibreán 2019[3].

6. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Inmheánach Iascaigh an togra ag na cruinnithe a bhí aici idir an 27 Meitheamh 2018 agus an 11 Aibreán 2019. Ar an 11 Aibreán 2019, ar iarraidh ó thromlach na dtoscaireachtaí, shoiléirigh an Uachtaránacht struchtúr an Chiste sa téacs comhréitigh trí thagairt do 'chuspóirí sonracha' nasctha le baint amach cuspóirí CBI a chur in ionad na tagartha do 'réimsí tacaíochta'.

7. Ar bhonn an phlé sin, chuir an Uachtaránacht comhréiteach[4] faoi bhráid na Meithle a pléadh ag na cruinnithe ar an 6 Bealtaine, an 10 Bealtaine agus an 16 Bealtaine. Ar bhonn an phlé úd, thíolaic an Uachtaránacht comhréiteach athbhreithnithe[5] ar an 23 Bealtaine. Thacaigh na toscaireachtaí i gcoitinne le formhór na bhforálacha sa chomhréiteach athbhreithnithe ach fágadh cúpla pointe ar oscailt.

8. Ar an 29 Bealtaine 2019, fuair an Uachtaránacht treoir ó COREPER maidir leis na príomh-shaincheisteanna a bhí fós gan réiteach. Ar bhonn na treorach sin, tugadh tacaíocht fhorleathan don téacs comhréitigh a d'ullmhaigh an Uachtaránacht ag an Meitheal ar an 6 Meitheamh 2019[6].

---

[3] Tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, PE 625.439v03-00, A8-0176/2019.
[4] WK 5543/2019.
[5] WK 6253/2019.
[6] WK 6669/2019.

9. Ar an 12 Meitheamh 2019, cuireadh téacs athbhreithnithe comhréitigh[7] i láthair COREPER, ag tabhairt san áireamh an plé a rinneadh ar leibhéal na Meithle, agus thacaigh líon mór de na toscaireachtaí leis.

10. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte curtha isteach ag DK.

11. Tharraing an Ríocht Aontaithe siar ar a forchoimeádas grinnscrúdaithe.

## II. COMHRÉITEACH NA hUACHTARÁNACHTA DO CHUR CHUIGE GINEARÁLTA PÁIRTEACH

12. Leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht fágtar ar leataobh na gnéithe uile a bhaineann le CAI [forálacha idir lúibíní] agus le Rialachán na bhForálacha Coiteanna (Airteagail 54, 55 agus 56). Ina theannta sin, beidh gá le tuilleadh coigeartuithe chun téacs CEMI a ailíniú le Rialachán CAI agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna, tráth a ghlacfar iad. Ní raibh aon ghrinnphlé ann maidir le haithris, gníomhartha tarmligthe (Airteagal 52) nó táscairí torthaí (Airteagail 37 agus 48 agus Iarscríbhinn I). Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar na forálacha úd amach anseo.

13. Rinneadh comhréiteach ón Uachtaránacht a dhréachtú ar bhonn an phlé sa Mheitheal, na treoraíochta a fuarthas ó COREPER ar an 29 Bealtaine 2019 agus na mbarúlacha iomadúla i scríbhinn a tháinig ó na toscaireachtaí.

14. Coinníonn comhréiteach na hUachtaránachta na príomhréimsí sa togra ón gCoimisiún agus thóg sí orthu, go háirithe maidir leis an tacaíocht do chabhlaigh ar mhionscála, le hathnuachan glúine agus le pobail áitiúla a fhorbairt. Arna iarraidh sin do na Ballstáit, áirítear infheictheacht agus solúbthacht níos mó don dobharshaothrú. Ina theannta sin, faoi mar atá an togra ón gCoimisiún, tá an Uachtaránacht ag díriú freisin ar an simpliú agus ar an ailíniú i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, chun deis a thabhairt do riaracháin na mBallstát solúbthacht níos fearr a bheith acu sa chéim cur chun feidhme agus oiriúnú an chláir a dhéanamh de réir na sonraíochtaí náisiúnta.

[7] ST 9867/2019 ADD1.

15. Creideann an Uachtaránacht go bhfuil léiriú cothrom ar na seasaimh atá ag na toscaireachtaí ar an gcomhréiteach a thug COREPER tacaíocht dó ar an 12 Meitheamh 2019 agus gur bonn maith é don phlé amach anseo le Parlaimint na hEorpa. Thug an Uachtaránacht aird shuntasach ar an téacs comhréitigh agus measadh a bheith ina bonn maith don Uachtaránacht nua dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

16. Baineann príomhábhair an chomhréitigh ón Uachtaránacht leis na pointí seo a leanas:

   a) Oibríochtaí neamh-incháilithe (Airteagail 13(a), (b), (d) agus (l), agus Airteagail 16, 16 nua, 17 agus 18):

      *i. Oibríochtaí a chuireann le hacmhainneacht soithigh iascaireachta nó lena chumas teacht ar éisc (Airteagal 13(a)):*

   Mar atá sa togra ón gCoimisiún, déantar foráil sa chomhréiteach maidir le hoibríochtaí a chuireann le hacmhainneacht soithigh iascaireachta nó lena chumas teacht ar éisc, nach oibríochtaí iad atá incháilithe do thacaíocht CEMI. Mar sin féin, ar iarraidh ó roinnt toscaireachtaí agus i ndiaidh do COREPER é a dheimhniú ar an 29 Bealtaine agus ar an 12 Meitheamh 2019, tá maolú ar an bhforáil sin san áireamh sa téacs comhréitigh. Tá an maolú sin teoranta d'oibríochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí sa tsábháilteacht ar bord, i ndálaí oibre agus san éifeachtúlacht fuinnimh agus tá coinníollacha sriantacha ag gabháil leis:

   - ní mór roinn an chabhlaigh chomhfhreagraigh a bheith i gcothromaíocht;
   - ní mór aon mhéadú ar acmhainneacht iascaireachta ó na hoibríochtaí sin a chúiteamh leis an scoir acmhainne roimhe a bheith ar a laghad den acmhainn chéanna; agus
   - ní mór urraim a thabhairt don uasteorainn náisiúnta arna sannadh do gach Ballstát don acmhainn iascaireachta.

   Tá cur chuige den chineál céanna in úsáid sa seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh.

   Measann an Uachtaránacht go bhfuil léiriú cothrom ar na seasaimh atá ag na Ballstáit sa téacs comhréitigh agus go dtacaíonn sé ag an am céanna le cuspóirí comhshaoil agus socheacnamaíocha CBI gan teacht salach ar ghealltanais an Aontais Eorpaigh i bhfóraim idirnáisiúnta.

ii. *Soithí iascaireachta a thógáil, a fháil nó a allmhairiú (Airteagail 13(b) agus 16) agus maidir le hinnill a athsholáthar nó a nuachóiriú (Airteagail 13(l) agus 16 nua):*

Mar atá sa togra ón gCoimisiún, déantar foráil sa chomhréiteach ón Uachtaránacht maidir le soithí iascaireachta a thógáil, a fháil nó a allmhairiú agus maidir le hinnill a athsholáthar nó a nuachóiriú, nach oibríochtaí iad atá incháilithe do thacaíocht CEMI (Airteagal 13(b) agus (l)), le roinnt maoluithe.

Sa togra uaidh, theorannaigh an Coimisiún na maoluithe do shoithí iascaireachta ar mhionscála amháin. Mar sin féin, le linn don Mheitheal an togra a scrúdú, bhí tromlach mór de thoscaireachtaí den tuairim gur cheart na maoluithe a leathnú amach thar na cabhlaigh mhionscála chósta. Chun an tromlach mór sin a chur san áireamh, leathnaítear na maoluithe sa chomhréiteach ón Uachtaránacht chun soithí suas le 24 mhéadar a chlúdach. Dheimhnigh COREPER an cur chuige sin ar an 29 Bealtaine agus ar an 12 Meitheamh 2019.

- An chéad uair soitheach iascaireachta á fháil

Leis an maolú in Airteagal 16 nua maidir leis an gcéad uair soitheach iascaireachta a fháil foráiltear do choinníollacha dochta, agus an bunchuspóir atá ag an togra ón gCoimisiún i ndáil le tacú leis an athnuachan ghlúine á chur san áireamh. Measann an Uachtaránacht go bhfuil léiriú cothrom ar sheasaimh na mBallstát sa chomhréiteach seo.

Ina seasamh ar an gcéad léamh, maidir leis an gcéad uair soitheach iascaireachta a fháil, rinne Parlaimint na hEorpa foráil d'éascú na rochtana ar chreidmheas, árachas agus ionstraimí airgeadais do gach soitheach, beag beann ar an bhfad.

- Innill a athsholáthar nó a nuachóiriú

Caomhnaítear sa chomhréiteach ón Uachtaránacht an coinníoll dá bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún, i.e. níor cheart níos mó cumhachta in kW a bheith ag an inneall nua/nuachóirithe, ach tá coinníoll breise ann do shoithí idir 12 agus 14 mhéadar: ba cheart don inneall nua/nuachóirithe ar a laghad 15% níos lú $CO_2$ a astú ná an t-inneall reatha. Dheimhnigh COREPER an cur chuige sin ar an 29 Bealtaine agus ar an 12 Meitheamh 2019. Thairis sin, maidir leis an modh atá le húsáid chun an laghdú in astaíochtaí $CO_2$ a thomhais, thacaigh COREPER leis an mbealach chun cinn a mhol an Uachtaránacht, i.e. cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófaí an modh sin chun an laghdú in astaíochtaí $CO_2$ a ríomh d'fhonn cothrom na féinne a áirithiú i dtaobh chur chun feidhme an choinníll úd.

Is léiriú é an comhréiteach ón Uachtaránacht ar an mian atá ag formhór na mBallstát tacaíocht a leathnú amach thar chabhlach mionscála, gan ísliú éigeantach ar an gcumhacht in kW, i gcomhréir leis an CEMI reatha.

iii. *Gníomhaíochtaí iascaireachta a scor go sealadach nó go buan (Airteagail 13(d), 17 agus 18)*

Mar atá sa togra ón gCoimisiún, déantar foráil sa chomhréiteach ón Uachtaránacht maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a scor go sealadach nó go buan, nach oibríochtaí iad atá incháilithe do thacaíocht CEMI, le roinnt maoluithe.

Is léiriú iad na maoluithe sin ar an iarraidh ó thromlach na dtoscaireachtaí *status quo* an Rialacháin reatha CEMI a chaomhnú maidir leis an bpointe seo. Ghlac Parlaimint na hEorpa seasamh comhchosúil ar an bpointe seo.

b) Ráta déine cabhrach maidir leis an gcéad uair soitheach iascaireachta a fháil (ró 1 d'Iarscríbhinn III)

Mhol an Coimisiún imeacht ón riail ghinearálta de 50% don uasráta déine cabhrach agus uasráta déine cabhrach de 30% a bhunú d'infheistíochtaí maidir leis an gcéad uair soitheach iascaireachta a fháil agus d'athsholáthar nó nuachóiriú inneall araon.

Le linn don Mheitheal scrúdú a dhéanamh, d'iarr líon suntasach de thoscaireachtaí go gcoinneofaí an ráta déine cabhrach ag 50%. Ar an 29 Bealtaine 2019, fuair an Uachtaránacht treoir ó COREPER an ráta déine cabhrach do na hinfheistíochtaí sin a choinneáil ag 50%. D'ainneoin sin, de bharr gur áitigh roinnt toscaireachtaí ráta níos lú a bheith ann le linn na bpléití ag an Meitheal ar an 6 Meitheamh agus ag COREPER ar an 12 Meitheamh 2019, molann an Uachtaránacht, de mheon an chomhréitigh, ráta déine cabhrach de 40%.

c) Imfhálú don rialú agus do bhailiú sonraí (Airteagal 6(4))

Mar atá sa togra ón gCoimisiún, tá foráil sa chomhréiteach ón Uachtaránacht go mbeidh 15% ar a laghad de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháiltear ar gach Ballstát le deonú don rialú agus do bhailiú sonraí. A bhuí leis sin, d'fhéadfaí líon na stoc a bhfuil comhairle eolaíoch ar fáil dóibh a mhéadú agus an t-eolas eolaíochta ar an muirthimpeallacht a fheabhsú, i gcomhréir le cuspóirí CBI. Ba mhaith le roinnt toscaireachtaí méid níos mó a imfhálú − suas le 25% − agus d'iarr toscaireachtaí eile an méid a ísliú go 3% nó fiú fáil réidh leis ar fad.

Trí chloí leis an togra ón gCoimisiúin maidir leis an bpointe seo, creideann an Uachtaránacht gur comhréiteach cothrom é an téacs idir na seasaimh éagsúla atá ag na toscaireachtaí agus go bhforáiltear leis don tsolúbthacht maidir leis na ceanglais uile a léirigh na toscaireachtaí.

## III. CONCLÚIDÍ

17. Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir leis an gcur chuige ginearálta páirteach ar an CEMI, a leagtar amach in 10297/2019 PECHE 290 CADREFIN 281 CODEC 1232.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, [...] Iascaigh <u>agus Dobharshaothraithe</u> lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

# TEIDEAL I: AN CREAT GINEARÁLTA

## CAIBIDIL I

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

*Ábhar*

Leis an Rialachán seo, cuirtear ar bun an Ciste Eorpach Muirí**,** **[...]** Iascaigh <u>**agus Dobharshaothraithe**</u> (CEMI<u>**D**</u>). Leagtar síos ann tosaíochtaí CEMI<u>**D**</u>, an buiséad don tréimhse 2021-2027**,** **[...]** agus na rialacha sonracha maidir le **[...]** cistiú <u>**ón Aontas**</u> a sholáthar, lena gcomhlánaítear na rialacha ginearálta a bhaineann le CEMI<u>**D**</u> faoi Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna].

***Airteagal 2***

**[...]**

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

1. Chun críche an Rialacháin seo agus gan dochar do mhír 2, beidh feidhm ag na sainmhínithe dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009**, in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena mbunaítear an clár dar teideal InvestEU]** agus in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna].

2. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

**(1) […]**

(2) ciallaíonn "Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise" (CISE) timpeallacht de chórais arna forbairt chun tacú le malartú faisnéise idir údaráis a bhfuil baint acu le faireachas muirí thar earnálacha agus thar theorainneacha, ionas go gcuirfear lena bhfeasacht siúd maidir le gníomhaíochtaí ar muir;

(3) ciallaíonn "garda cósta" údaráis náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu feidhmeanna garda cósta a chomhlíonadh, lena n-áirítear sábháilteacht mhuirí, slándáil mhuirí, custaim mhuirí, cosc agus díchur ar gháinneáil agus smuigleáil, forfheidhmiú an dlí mhuirí ábhartha, rialú teorann muirí, faireachas muirí, cosaint an chomhshaoil mhuirí, cuardach agus tarrtháil, freagairt timpiste agus tubaiste, rialú iascaigh agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis na feidhmeanna sin;

(4) ciallaíonn "an Líonra Eorpach um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí" (EMODnet) comhpháirtíocht ina gcuirtear sonraí agus meiteashonraí muirí i dtoll a chéile chun go mbeadh fáil níos éasca ag an bpobal agus ag úsáideoirí príobháideacha ar na hacmhainní ilroinnte sin i dtreo gur féidir leo úsáid a bhaint astu trí shonraí muirí idir-inoibritheacha, comhchuibhithe, ar cháilíocht dhearbhaithe, a chur ar fáil;

(5) ciallaíonn 'iascaireacht thaiscéalaíoch' **aon oibríocht** iascaireachta **[...] a dhéantar chun críocha tráchtála i limistéar ar leith d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a bhrabúsaí agus ar a inbhuanaitheachtaí bhitheolaíoch a bheadh saothrú rialta, fadtéarmach na hacmhainne iascaigh sa limistéar sin i gcás stoic** nach ndearnadh **[...] iascach tráchtála** orthu roimhe sin **[...]**

(6) ciallaíonn "iascaire" aon **[...]** duine a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála, faoi mar atá aitheanta ag an mBallstát ábhartha;

(7) ciallaíonn "iascaireacht intíre" gníomhaíochtaí iascaireachta chun críocha tráchtála a dhéanann soithí ag feidhmiú dóibh in uiscí intíre nó a dhéanann feistí eile, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear le haghaidh iascaireachta oighir;

(8) ciallaíonn "rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan" tionscnamh de chuid an Aontais darb aidhm feabhas a chur ar an gcreat uileghabhálach, ina gcuimsítear próisis, comhaontuithe, socruithe, rialacha agus institiúidí idirnáisiúnta agus réigiúnacha trí bhíthin cur chuige comhleanúnach trasearnála riailbhunaithe, chun a áirithiú go mbeidh na haigéin folláin, sábháilte, slán, glan agus á mbainistiú go hinbhuanaithe;

(9) ciallaíonn "beartas muirí" beartas de chuid an Aontais darb aidhm cinnteoireacht chomhtháite chomhleanúnach a chothú chun forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta na mBallstát a uasmhéadú, go háirithe sna limistéir chósta agus oileánacha agus sna réigiún is forimeallaí, chomh maith le hearnálacha an gheilleagair ghoirm, trí bhíthin beartais chomhtháite a bhaineann le cúrsaí muirí agus trí bhíthin comhar idirnáisiúnta ábhartha;

(10) ciallaíonn "slándáil mhuirí agus faireachas muirí" gníomhaíochtaí darb aidhm tuiscint a fháil ar na teagmhais agus na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an réimse muirí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na réimsí seo a leanas: sábháilteacht mhuirí, slándáil mhuirí, forfheidhmiú an dlí, an chosaint, rialú teorann, cosaint an chomhshaoil mhuirí, rialú iascaigh, trádáil agus leas eacnamaíoch an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, na teagmhais agus na gníomhaíochtaí sin a chosc, agus iad a bhainistiú go cuimsitheach;

(11) ciallaíonn "pleanáil spásúil mhuirí" próiseas trína ndéanann údaráis an Bhallstáit lena mbaineann anailís ar ghníomhaíochtaí an duine i limistéir mhuirí, agus trína ndéanann siad na gníomhaíochtaí sin a eagrú, d'fhonn cuspóirí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach;

**(11 nua) ciallaíonn "comhlacht poiblí" údaráis Stáit, réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí faoi rialú an dlí phoiblí nó comhlachais ina bhfuil údarás amháin nó roinnt údarás den sórt sin nó comhlacht amháin nó roinnt comhlachtaí den sórt sin faoi rialú an dlí phoiblí;**

**(12) […]**

(13) ciallaíonn 'straitéis imchuach farraige' creat comhtháite chun tabhairt faoi dhúshláin choiteanna i ndáil le cúrsaí muirí agus cúrsaí mara atá roimh na Ballstáit, agus roimh thríú tíortha i gcásanna inarb iomchuí, in imchuach amháin nó in imchuach farraige amháin nó níos mó, agus chun comhar agus comhordú a chur chun cinn d'fhonn comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach; is é an Coimisiúin a fhorbraíonn é i gcomhar leis na tíortha lena mbaineann, a réigiúin agus le geallsealbhóirí eile de réir mar is iomchuí;

(14) ciallaíonn "iascaireacht chósta ar mionscála" iascaireacht arna déanamh ag soithí iascaireachta ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán agus gan trealamh tarraingthe in úsáid acu mar atá liostaithe in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle[8];

(15) ciallaíonn "geilleagar gorm inbhuanaithe" gach gníomhaíocht eacnamaíoch earnála agus trasearnála ar fud an mhargaidh aonair a bhaineann le haigéin, farraigí, cóstaí agus uiscí intíre, a chumhdaíonn na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus tíortha talamhiata, lena n-áirítear earnálacha atá ag teacht chun cinn agus earraí agus seirbhísí neamh-mhargaidh agus atá comhsheasmhach le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais.

*Airteagal 4*

*Tosaíochtaí*

Cuirfidh CEMI**D** le cur chun feidhme an chomhbheartais iascaigh (CBI) agus an bheartais mhuirí. Saothrófar ann na tosaíochtaí seo a leanas:

1) An t-iascach inbhuanaithe agus caomhnú [...] acmhainní bitheolaíocha **uisceacha** a chothú araon;

2) **Gníomhaíochtaí** dobharshaothraithe inbhuanaithe agus **próiseáil agus margú […] táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a chothú;**

3) Fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a chumasú agus [...] pobail **iascaireachta agus dobharshaothraithe [...] i limistéir chósta agus intíre a chothú agus a fhorbairt;**

4) Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus aigéin agus farraigí folláine, sábháilte, slána, glana a bhainistítear go hinbhuanaithe a chumasú.

Cuideoidh tacaíocht faoi bhun CEMI**D** le cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus comhshaoil a bhaint amach agus maidir leis an oiriúnú don athrú sin. Rianófar an iniúchóireacht sin i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

---

8 Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11).

# CAIBIDIL II

# Creat airgeadais

*Airteagal 5*

*An buiséad*

1. Is é [EUR 6 140 000 000] i [bpraghsanna reatha] a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme CEMI**D** don tréimhse 2021-2027.

2. Déanfar an chuid sin den imchlúdach airgeadais atá leithdháilte ar CEMI**D** faoi Theideal II a chur chun feidhme faoi bhainistiú comhroinnte i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna] agus Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais].

3. Is é an Coimisiún féin a dhéanfaidh an chuid sin den imchlúdach airgeadais atá leithdháilte ar CEMI**D** faoi Theideal III a chur chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais], nó déanfar í a chur chun feidhme laistigh de chreat na bainistíochta indírí i gcomhréir le hAirteagal 62(1)(c) den Rialachán sin.

*Airteagal 6*

*Acmhainní buiséadacha faoi bhainistiú comhroinnte*

1. Is é [EUR 5 311 000 000] i [bpraghsanna reatha] a bheidh sa chuid sin den imchlúdach airgeadais atá faoi bhainistiú comhroinnte, mar a shonraítear i dTeideal II, i gcomhréir leis an miondealú bliantúil a leagtar amach in [Iarscríbhinn V].

2. Maidir le hoibríochtaí sna réigiúin is forimeallaí, déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann, mar chuid de thacaíocht sin an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn V, agus a ndéanann na Ballstáit sin í a chur ar fáil, na suimeanna seo a leanas ar a laghad a leithdháileadh:

a) EUR [102 000 000] i gcomhair na nAsór agus Mhaidéara;

b) EUR [82 000 000] i gcomhair na nOileán Canárach;

c) EUR [131 000 000] i gcomhair Guadalúip, Ghuáin na Fraince, Martinique, Mayotte, Réunion agus Saint-Martin.

3. **<u>Féadfaidh</u>** an cúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 21 **[...]** dul thar **<u>{</u>**50 %**<u>}</u>** de na leithdháiltí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 2 **<u>i gcúinsí lena bhfuli bonn cirt i ngach plean gníomhaíochta do na réigiúin is forimeallaí</u>**.

4. Déanfar 15 % ar a laghad de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháileadh **<u>sa chlár a ullmhófar agus a thíolacfar i gcomhréir le hAirteagal 16(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna]</u>** maidir leis na **[...]** **cuspóirí sonracha** dá dtagraítear in Airteagal 19 agus 20 . Féadfaidh Ballstáit nach bhfuil fáil acu ar uiscí an Aontais céatadán is ísle a chur i bhfeidhm maidir le méid a gcuid cúraimí rialaithe agus bailithe sonraí.

5. Tacaíocht airgeadais an Aontais ó CEMI**<u>D</u>** a leithdháiltear in aghaidh an Bhallstáit ar na **[...]** **<u>cuspóirí sonracha</u>** dá dtagraítear in Airteagail **<u>16 nua,</u>** 17 **[...]** agus 18, ní rachaidh an tacaíocht sin thar an tairseach is airde den dá thairseach seo a leanas:

a) EUR 6 000 000; nó

b) 1**[…]<u>5</u>** % de thacaíocht airgeadais sin an Aontais a leithdháiltear ar gach Ballstát.

6. I gcomhréir le hAirteagail 30 go 32 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna], féadfaidh CEMI**<u>D</u>**, ar thionscnamh Ballstáit, tacaíocht a thabhairt do chúnamh teicniúil maidir le riarachán éifeachtach agus ceartúsáid an chiste.

Airteagal 7

*Dáileadh airgeadais don bhainistiú comhroinnte*

Leagtar amach na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh ghealltanais na mBallstát, dá dtagraítear in Airteagal 6(1), don tréimhse 2021 go 2027 sa tábla in [Iarscríbhinn V].

*Airteagal 8*

*Acmhainní buiséadacha faoi bhainistiú díreach agus indíreach*

1. Is é EUR [829 000 000] i [bpraghsanna reatha] a bheidh sa chuid sin den imchlúdach airgeadais atá faoi bhainistiú díreach agus indíreach, mar a shonraítear i dTeideal III.

2. {Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun CEMI**D** a chur chun feidhme, cuir i gcás gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

   Go háirithe, ar thionscnamh an Choimisiúin, féadfaidh CEMI**D** tacú leis na bearta seo a leanas, faoi réir na huasteorann 1.7 % den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1)}:

   (a) cúnamh teicniúil chun an Rialachán seo a chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna];

   (b) comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe a ullmhú agus faireachán agus measúnú a dhéanamh orthu agus rannpháirtíocht an Aontais in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh;

   (c) líonra Eorpach de ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta a bhunú.

3. Seasfaidh CEMI**D** costais na ngníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

# CAIBIDIL III

## Clársceidealú

*Airteagal 9*

*Clársceidealú don tacaíocht faoi bhainistiú comhroinnte*

1. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna], ullmhóidh gach Ballstát aon chlár amháin[9] chun na tosaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 a chur chun feidhme.

2. Déanfar tacaíocht faoi Theideal II **chun na cuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna]** a eagrú de réir na **[...]** **dtosaíochtaí agus na gcuspóirí sonracha** a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

3. Sa bhreis ar na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna], áireofar sa chlár na nithe seo leanas:

   a) anailís ar an gcás i dtéarmaí láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí, agus sainaithint na riachtanas a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa limistéar geografach ábhartha, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, imchuacha farraige **[...]** **is ábhartha** don chlár;

   **[...]** ;

   **[...]** **(b)** i gcás inarb infheidhme, na pleananna gníomhaíochta maidir leis na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear i mír 4.

[9] Míneoidh an Ghearmáin ina Clár Oibriúcháin féin an dóigh a gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 16 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Ba cheart don Choimisiún ráiteas a dhéanamh chun an tuairim sin a dhaingniú.

4. **Agus anailís á déanamh acu ar na láidreachtaí, laigí, deiseanna, bagairtí agus sainaithint na riachtanas déanfaidh na Ballstáit riachtanais shonracha na hiascaireachta chósta ar an mionchóir a chur san áireamh, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna].**

**Sa bhreis ar na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna], féadfaidh na Ballstáit an méid a leanas a chur san áireamh i ndáil le hiascaireacht chósta ar an mionchóir:**

a) **an acmhainneacht iascaireachta a choigeartú agus a bhainistiú;**

b) **cleachtais iascaireachta inbhuanaithe ísealcharbóin atá athléimneach i gcoinne athrú na haeráide agus a dhéanann an damáiste is lú is féidir don mhuirthimpeallacht a chur chun cinn;**

c) **atreisiú ar shlabhra breisluacha na hearnála agus straitéisí margaíochta a chur chun cinn;**

d) **scileanna, eolas, nuálaíocht agus fothú acmhainní a chur chun cinn;**

e) **sláinte, sábháilteacht agus dálaí oibre ar bord soithí iascaireachta a fheabhsú;**

f) **comhlíonadh níos fearr le ceanglais maidir le bailiú sonraí, inrianaitheacht, faireachán, rialú agus faireachas;**

g) **rannpháirteachas i mbainistiú rannpháirteach an limistéir mhuirí, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint agus limistéir Natura 2000;**

h) **éagsúlú gníomhaíochtaí sa gheilleagar gorm inbhuanaithe i gcoitinne;**

i) **comheagrú agus rannpháirtíocht sa phróiseas cinnteoireachta agus sa phróiseas comhairleach;**

j) **treoirlínte deonacha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta chun an t-iascach inbhuanaithe ar mionscála a chinntiú;**

k) **an plean gníomhaíochta réigiúnach le haghaidh iascach ar mionscála ón gCoimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir.**

5. [...] Mar chuid dá gclár, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann plean gníomhaíochta a ullmhú le haghaidh gach ceann de na réigiúin is forimeallaí dá gcuid dá dtagraítear in Airteagal 6(2), lena leagfar síos na nithe seo a leanas:

a) straitéis maidir leis an saothrú inbhuanaithe iascach agus le forbairt a dhéanamh ar earnálacha inbhuanaithe sa gheilleagar gorm;

b) tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe agus na hacmhainní airgeadais comhfhreagracha, lena n-áirítear:

i tacaíocht struchtúrtha don earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe faoi Theideal II;

ii cúiteamh na gcostas breise dá dtagraítear in Airteagal 21;

iii infheistíochtaí eile sa gheilleagar gorm inbhuanaithe is gá chun forbairt inbhuanaithe cois cósta a bhaint amach.

6. [...] Déanfaidh an Coimisiún anailís a fhorbairt do gach imchuach farraige a léireoidh láidreachtaí agus laigí coiteanna an imchuacha farraige chéanna maidir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach, dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. I gcás inarb infheidhme, cuirfear san áireamh san anailís sin na straitéisí imchuach farraige agus macrairéigiúnacha atá ann cheana.

7. [...] Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gclár i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], Sa mheasúnú sin, déanfaidh sé na nithe seo a leanas a chur san áireamh, go háirithe:

a) rannchuidiú an chláir leis na tosaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 a uasmhéadú;

b) an chothromaíocht idir acmhainneacht iascaireachta na gcabhlach agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil, mar a thuairiscíonn na Ballstáit go bliantúil de réir Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

c) i gcás inarb infheidhme, na pleananna bainistíochta ilbhliantúla arna nglacadh faoi Airteagal 9 agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, na pleananna bainistíochta arna nglacadh faoi Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle agus na moltaí ó eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, i gcás inarb infheidhme don Aontas;

d) cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

e) an fhianaise is déanaí maidir le feidhmíocht shocheacnamaíoch an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe agus, go háirithe, earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe;

f) i gcas inarb infheidhme, na hanailísí dá dtagraítear i mír [...] **6**;

g) rannchuidiú an chláir le caomhnú agus athshlánú éiceachóras mara, agus an tacaíocht a bhaineann le limistéir Natura 2000 a bheith i gcomhréir le creataí gníomhaíochta tosaíochta arna n-ullmhú de bhun Threoir 92/43/CEE;

h) rannchuidiú an chláir le bruscar mara a laghdú, i gcomhréir le Treoir xx/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Treoir maidir le tionchar táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol a laghdú];

i) rannchuidiú an chláir le maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin.

**7. [...]**

**8. [...]**

*Airteagal 10*

*Clárú do thacaíocht faoi bhainistiú díreach agus indíreach*

**Chun** Teideal[...] III **a chur chun feidhme**, **glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos** **[...]** cláir oibre **[...]** . Leagfar amach sna cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh na n-oibríochtaí measctha dá dtagraítear in Airteagal 47. **Ach amháin a mhéid a bhaineann le cúnamh teicniúil, déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53(2).**

# TEIDEAL II: TACAÍOCHT FAOI BHAINISTIÚ COMHROINNTE

## CAIBIDIL I

## Prionsabail ghinearálta tacaíochta

*Airteagal 11*

*Státchabhair*

1. Gan dochar do mhír 2, beidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 den Chonradh maidir le cabhair arna deonú ag na Ballstáit d'fhiontair in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe.

2. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 107, 108 agus 109 maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit de bhun an Rialacháin seo agus a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 den Chonradh.

3. Forálacha náisiúnta lena mbunaítear maoiniú poiblí a théann thar fhorálacha an Rialacháin seo maidir le híocaíochtaí, dá dtagraítear i mír 2, déanfar iad a láimhseáil ina n-iomláine ar bhonn mhír 1.

*Airteagal 12*

*Inghlacthacht iarratas*

1. Ní bheidh aon iarratas arna thíolacadh ag **oibreoir** **[...]** inghlactha, ar feadh tréimhse sainaitheanta ama a leagtar síos de bhun mhír 4, más amhlaidh a chinn an t-údarás inniúil go bhfuil an **[...]** t-**oibreoir** lena mbaineann tar éis aon ní díobh seo a leanas a dhéanamh:

   a) sárú tromchúiseach faoi Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle nó faoi Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle nó faoi reachtaíocht eile a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle **faoi chuimsiú CBI**;

   b) go raibh siad páirteach in oibriú, i mbainistiú nó in úinéireacht soithí iascaireachta atá ar áireamh i liosta soithí a leagtar amach in Airteagal 40(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó soithigh a bhfuil bratach air de chuid tríú tíortha neamh-chomhoibritheacha a leagtar amach in Airteagal 33 den Rialachán sin; nó

   c) aon cheann de na cionta comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i gcás inar faoi Airteagal 23 a dhéantar an t-iarratas ar thacaíocht.

2. **Má** **[...]** **tharlaíonn aon cheann de na cásanna** **[...]** dá dtagraítear i mír 1 ar feadh na tréimhse **idir an t-iarratas a thíolacadh** **[...]** agus **[...]** cúig bliana tar éis na híocaíochta deiridh, **[...] déanfar an tacaíocht a íocadh ó CEMID a bhaineann leis an iarratas sin a ghnóthú ón oibreoir, i gcomhréir le hAirteagal 97 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna]**.

3. Gan dochar do rialacha is forleithne mar a comhaontaíodh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta leis an mBallstát lena mbaineann, ní bheidh aon iarratas a thíolacann **oibreoir** **[...]** inghlactha, ar feadh tréimhse sainaitheanta ama a leagtar síos de bhun mhír 4, más amhlaidh a chinn an t-údarás inniúil **trí bhíthin cinneadh críochnaitheach** go bhfuil calaois déanta ag an oibreoir **[...]**, mar a shainítear in Airteagal 3 de Threoir 2017/1371/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]**, i gcomhthéacs CEMI nó CEMID**.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52 maidir leis na nithe seo a leanas:

   a) an tairseach chur i ngníomh agus an tréimhse ama neamh-inghlacthachta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 3 a shainaithint, a bheidh comhréireach le cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh na sáruithe tromchúiseacha nó na gcionta tromchúiseacha nó na calaoise tromchúisí, agus bliain amháin ar a laghad a bheith sa tréimhse sin;

   b) dátaí ábhartha tosaithe nó críochnaithe na tréimhse dá dtagraítear i mír 1 agus mír 3.

**4 nua Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le rialacha náisiúnta, tréimhse ama neamh-inghlacthachta is faide ná mar a leagtar síos de bhun mhír 4 a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, féadfaidh na Ballstáit tréimhse neamh-inghlacthachta a chur i bhfeidhm i leith na n-iarratas a chuir na hiascairí in uiscí intíre isteach, ar iascairí iad a rinne sáruithe tromchúiseacha mar a shainítear sna rialacha náisiúnta.**

5. Ceanglóidh na Ballstáit ar **[...]** **oibreoirí** a bhfuil iarratas á chur isteach acu faoi CEMI**D** go soláthróidh siad ráiteas sínithe don údarás bainistithe lena ndaingnítear **[...]** **nach gcuimsítear iad faoi aon cheann de** na **[...]** **cásanna** a liostaítear i mír 1 agus mír 3. Deimhneoidh na Ballstáit fírinneacht an ráitis sin sula ndéana siad an oibríocht a fhormheas, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil i gcomhréir le clár náisiúnta na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 93 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, nó ar shonraí eile atá ar fáil.

   Chun críocha an fhíorúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh an Ballstát ar fáil, arna iarraidh sin do Bhallstát eile, an fhaisnéis atá ina chlár náisiúnta de sháruithe féin dá dtagraítear in Airteagal 93 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

---

[10] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

**Airteagal 12 nua**

***Incháilitheacht do thacaíocht CEMID faoi bhainistiú comhroinnte***

**Gan dochar d'Airteagal 9(2) den Rialachán seo agus Airteagal 57 de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna], measfar gurb incháilithe oibríochtaí faoi Theideal II chun tacaíocht a fháil faoi CEMID, ar choinníoll go bhfuil na hoibríochtaí sin i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus nach n-eisiatar faoi Airteagal 13 iad.**

*Airteagal 13*

*Oibríochtaí* **nó caiteachas** *neamh-incháilithe*

Ní bheidh na hoibríochtaí **nó an caiteachas** seo a leanas incháilithe faoi CEMI**D**:

a) oibríochtaí lena méadaítear acmhainneacht iascaireachta soithigh, nó oibríochtaí a chuidíonn agus trealamh á fháil a mhéadaíonn cumas an tsoithigh teacht ar éisc, **seachas sa chás ina mbaineann na hoibríochtaí le hinfheistíochtaí i dtaca le sábháilteacht ar bord, dálaí oibre agus le héifeachtúlacht fuinnimh, ar choinníoll go bhfuil an roinn chabhlaigh lena mbaineann na hoibríochtaí i gcothromaíocht, aon mhéadú ar acmhainneacht iascaireachta ó na hoibríochtaí sin a chúiteamh leis an scoir acmhainne roimhe a bheith ar a laghad den acmhainn chéanna agus go n-urramaítear uasteorainn náisiúnta na hacmhainne iascaireachta do gach Ballstát;**

b) soithí iascaireachta a thógáil nó a fháil, nó soithí iascaireachta a allmhairiú, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo;

c) soithí iascaireachta a aistriú go tríú tíortha nó soithí a aistriú go clár loingseoireachta tríú tíortha, lena n-áirítear trí chomhfhiontair a chruthú le comhpháirtithe na dtíortha sin;

d) gníomhaíochtaí iascaireachta a scor go sealadach nó go buan, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo;

e) iascaireacht thaiscéalaíoch, **ach amháin má bhíonn an iascaireacht sin á déanamh ag institiúidí eolaíocha d'fhonn roghanna bainistithe féideartha maidir le stoic éisc a imscrúdú chun iascach inbhuanaithe a áirithiú, nó iascaireacht thaiscéalaíoch ar speicis ionracha mar a áirítear ar liosta an Aontais dá dtagraítear i Rialachán 1143/2014*;***

f) aistriú úinéireachta ar ghnóthas;

g) athstocáil dhíreach, mura bhfuil foráil déanta di go sainráite mar **bheart athbhunaithe nó bearta eile** caomhantais i ngníomh dlíthiúil de chuid an Aontais, nó i gcás athstocála trialaí;

h) calafoirt nua, **[...]** nó hallaí ceantála nua a thógáil;

i) sásraí idirghabhála margaidh arb é is aidhm dóibh táirgí iascaigh nó dobharshaothraithe a tharraingt siar ón margadh d'fhonn an soláthar a laghdú ionas nach dtitfeadh praghsanna nó chun cur le praghsanna d'aon turas; **[...]**

j) infheistíochtaí ar bhord soithí iascaireachta, atá riachtanach chun go gcomhlíonfar na ceanglais faoi dhlí an Aontais **[…] atá i bhfeidhm an tráth a dtíolactar an t-iarratas**, lena n-áirítear ceanglais faoi oibleagáidí an Aontais i gcomhthéacs eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh**, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo**;

k) infheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta a rinne gníomhaíochtaí **iascaireachta** ar muir ar feadh níos lú ná 60 lá le linn **[...]** an dá bhliain féilire roimh an mbliain sular tíolacadh an t-iarratas ar thacaíocht [...] **;**

l) **príomhinneall nó inneall coimhdeach ar shoitheach iascaireachta a ionadú nó a nuachóiriú, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo.**

# CAIBIDIL II

## Tosaíocht 1: An t-iascach inbhuanaithe agus caomhnú [...] acmhainní bitheolaíocha uisceacha a chothú

### ROINN 1

### [...]

### RAON FEIDHME NA TACAÍOCHTA

*Airteagal 14*

***[...]***

***Cuspóirí sonracha***

**1.** Leis an tacaíocht faoin gCaibidil seo, **cumhdófar idirghabhálacha a rannchuideoidh le** cuspóirí CBI a bhaint amach, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, **trí dhíriú ar cheann amháin nó níos mó de na [...] cuspóirí sonracha seo a leanas:**

(a) **Gníomhaíochtaí iascaireachta a bheidh inbhuanaithe go sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de a neartú;**

(b) **Éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí CO2 a laghdú trí na hinnill ar shoitheach iascaireachta a ionadú nó a nuachóiriú;**

(c) **Oiriúnú na hacmhainneachta iascaireachta do dheiseanna iascaireachta i gcásanna scor buan a chur chun cinn agus rannchuidiú le caighdeán cóir maireachtála i gcásanna gníomhaíochtaí iascaireachta a scor go sealadach;**

(d) **Rialú iascaigh éifeachtach agus sonraí iontaofa le haghaidh cinntí eolasbhunaithe a chothú agus a fhorfheidhmiú;**

(e) **Cothrom na Féinne ó thaobh iomaíochta de a chur chun cinn do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe sna réigiúin is forimeallaí; agus**

(f) **Rannchuidiú le cosaint agus le hathbhunú na bithéagsúlachta uiscí agus éiceachóras uisceach.**

**[**

**[…]**

**2.** An tacaíocht **dá bhforáiltear** faoin gCaibidil seo, is **[...]** féidir **[...]** feidhm a bheith aici maidir le hiascaireacht intíre, cé is moite de **na forálacha a leagtar síos in Airteagal [...], Airteagal 16(2) a) agus b), Airteagal 16 nua (1) a), b) agus (3), Airteagal 17 agus 18 (1) a), b), b a), c) agus (3).**

## **ROINN 2**

## **<u>DÁLAÍ SONRACHA</u>**

**[...]**

*Airteagal 15*

***[…]***

***Soithí iascaireachta a aistriú go háit lasmuigh den Aontas nó a aistriú go clár loingseoireachta eile***

**<u>I gcás ina ndeonófar an tacaíocht faoin gCaibidil seo i dtaca le soitheach, ní aistreofar an soitheach sin lasmuigh den Aontas nó ní aistreofar go clár loingseoireachta eile é le linn na gcúig bliana ar a laghad tar éis íocaíocht deiridh na hoibríochta dár tugadh tacaíocht.</u>**

1. **[…]**

**[…]**

*Airteagal 16*

***[...]*** ***An chéad uair*** ***[...]*** *soitheach iascaireachta* ***á fháil***

1. **[...]** **De mhaolú ar Airteagal 13 (b), chun an cuspóir sonrach in Airteagal 14(1) a) a bhaint amach,** **[...]** **féadfar a áireamh ar thacaíocht an chéad uair soitheach iascaireachta, nó úinéireacht pháirteach an tsoithigh sin, á fháil ag duine nádúrtha ar fíor ina leith an méid seo a leanas:**

(a) **[...]** , an tráth a dtíolactar an t-iarratas, **nach sine ná** **[...]** 40 bliain d'aois an té sin**;** agus

(**b)** tá cúig bliana oibre ar a laghad caite ag an té sin mar iascaire nó tá **[...]** cáilíocht leordhóthanach bainte amach aige nó aici;

**[...]**

**1 nua Féadfar tacaíocht faoin Airteagal seo a dheonú freisin do dhaoine dlítheanacha atá faoi lánúinéireacht ag duine nádúrtha amháin nó níos mó a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 1.**

2. **Ní fhéadfar tacaíocht faoin Airteagal seo a dheonú ach maidir le soitheach iascaireachta ar fíor ina leith an méid seo a leanas:**

a) **baineann sé le roinn chabhlaigh ar léiríodh ina leith sa tuarascáil deiridh maidir le hacmhainneacht iascaireachta, dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, go ndearna an roinn sin cothromú leis na deiseanna iascaireachta atá ar fáil di;**

b) **tá sé feistithe don iascaireacht mhara;**

c) **atá cláraithe sa chlár cabhlaigh sna trí bliana féilire deiridh roimh an mbliain sular tíolacadh an t-iarratas ar thacaíocht; agus**

d) **ní faide ná 24 mhéadar a fhad foriomlán.**

**[...]**

3. **Ní mheasfar an chéad uair soitheach iascaireachta á fháil, arna chumhdach ag mír 1 agus mír 1 nua, mar aistriú úinéireachta ar ghnóthas faoi Airteagal 13 (f).**

**[...]**

**a) [...]**

**b) [...]**

**c) [...]**

**4. [...]**

*Airteagal 16 nua*

*Príomhinneall nó inneall coimhdeach a ionadú nó a nuachóiriú*

1. **De mhaolú ar Airteagal 13(1), chun an cuspóir sonrach in Airteagal 14(1) b) a bhaint amach, ní dhéanfar tacaíocht a dheonú ach do shoithigh ar lú ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:**

   a) **baineann sé le roinn chabhlaigh ar léiríodh ina leith sa tuarascáil deiridh maidir le hacmhainneacht iascaireachta, dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, go ndearna an roinn sin cothromú leis na deiseanna iascaireachta atá ar fáil di;**

   b) **i gcás soithí iascaireachta cósta ar mionscála, ní mó an chumhacht in kW atá ag an inneall nua nó nuachóirithe ná ag an inneall atá ann faoi láthair; agus**

   c) **i gcás soithí eile ar lú ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán, ní mó an chumhacht in kW atá ag an inneall nua nó nuachóirithe ná ag an inneall atá ann faoi láthair agus beidh laghdú 15 % ar a laghad ar na hastaíochtaí CO2 as an inneall nua sin le hais an innill atá ann faoi láthair.**

2. **Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach inneall a dhéanfar a ionadú nó a nuachóiriú faoi réir a fhíoraithe maidir leis na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 (b) agus (c) a chomhlíonadh.**

3. **Aon laghdú ar acmhainneacht iascaireachta in kW mar thoradh ar ionadú nó nuachóiriú príomhinnill nó innill choimhdigh, bainfear an laghdú sin go buan de chlár cabhlaigh an Aontais.**

4. **Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos an modh chun an laghdú in astaíochtaí OC2 dá dtagraítear i mír 1 (c) a ríomh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53(2).**

**[...]**

**[...]**

*Airteagal 17*

***[...]*** ***Gníomhaíochtaí iascaireachta a scor go buan***

**[...]**

**[...]** **[...]** **De mhaolú ar Airteagal 13 (d),** **féadfar tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a scor go buan chun an acmhainn iascaireachta a choigeartú do dheiseanna iascaireachta faoin gcuspóir sonrach i** **[...]** in **[...]** **Airteagal 14 (1) c).** **[...]** **[...]** **,** **[...]** **Beidh an tacaíocht don scor buan i gcomhréir leis na** coinníollacha seo a leanas **[...]** :

a) tá an scor beartaithe mar uirlis de phlean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

b) baintear an scor amach tríd an soitheach iascaireachta a bhriseadh nó a chur as feidhm agus a iarfheistiú i gcomhair gníomhaíochtaí eile seachas iascaireacht tráchtála, i gcomhréir le cuspóirí CBI agus pleananna ilbhliantúla;

c) tá an soitheach cláraithe mar shoitheach gníomhach agus rinne sé gníomhaíochtaí iascaireachta ar muir ar feadh **[...]** **90** lá ar a laghad le linn gach ceann den **[...]** **dá** bhliain féilire deiridh roimh an mbliain sular tíolacadh an t-iarratas ar thacaíocht;

d) déantar an acmhainn iascaireachta choibhéiseach a bhaint go buan de chlár loingseoireachta an Aontais agus déantar na ceadúnais agus údaruithe iascaireachta a tharraingt siar go buan, i gcomhréir le hAirteagal 22(5) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; agus

e) cuirtear toirmeasc ar an tairbhí soitheach iascaireachta nua a chlárú laistigh de chúig bliana tar éis don tairbhí an tacaíocht sin a fháil.

a) **[...]**

b) **[...]**

**[...]**

4. **[...]**

*Airteagal 18*

***[...]** Gníomhaíochtaí iascaireachta a scor **go sealadach***

1. **[...] De mhaolú ar Airteagal 13 (d), féadfar tacaíocht a chur ar fáil don scor sealadach chun an cuspóir sonrach a bhaint amach in [...] [...] Airteagal 14(1) c). Deonófar [...] tacaíocht** do **[...]** ghníomhaíochtaí iascaireachta a scor **go sealadach [...] sna himthosca seo a leanas:**

a) bearta caomhantais, dá dtagraítear in Airteagal 7(1), i bpointí (a), (b), (c) agus (j) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nó bearta caomhantais coibhéiseacha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, i gcás inarb infheidhme don Aontas;

b) bearta an Choimisiúin i gcás bagairt thromchúiseach ar acmhainní bitheolaíocha mara, dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

**(b a) Bearta éigeandála na mBallstát de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;**

**c)** cur isteach de dheasca cúiseanna *force majeure* ar iarratas ar chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe nó aon phrótacal a ghabhann leis; nó

d) tubaistí nádúrtha nó teagmhais aeráide arna n-aithint go foirmiúil údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann.

2. Ní dheonófar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 ach i gcás **[...]** ina gcuirfear stop le gníomhaíochtaí tráchtála an tsoithigh lena mbaineann ar feadh **5 lá ar a laghad as a chéile agus [...] ar feadh 30 [...]** lá ar a laghad **in aon bhliain féilire ar leith**. **[...] .**

3. Ní dheonófar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 ach do na daoine seo a leanas:

a) úinéirí **nó oibreoirí**[11] soithí iascaireachta atá cláraithe mar shoithí gníomhacha agus a rinne gníomhaíochtaí iascaireachta ar muir ar feadh 120 lá ar a laghad le **[...]** linn an **[...] dá** bhliain féilire deiridh roimh an mbliain sular tíolacadh an t-iarratas ar thacaíocht; **[...]**

b) iascairí a d'oibrigh ar muir ar bhord soithigh iascaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann an **[...]** scor ar feadh 120 lá ar a laghad le **[...]** linn an **[...] dá** bhliain féilire deiridh roimh an mbliain sular tíolacadh an t-iarratas ar thacaíocht [...]; nó

c) **iascairí nach n-úsáideann soithí.**

Ní bheidh feidhm ag líon na laethanta ar muir dá dtagraítear sa mhír seo maidir le hiascaigh eascann.

4. Féadfar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dheonú ar feadh uastréimhse 6 mhí in aghaidh an tsoithigh **nó in aghaidh an iascaire nach n-úsáideann soithí** le linn na tréimhse ó 2021 go 2027.

5. Go bunúsach, cuirfear ar fionraí le linn na tréimhse a bhaineann leis an scor na gníomhaíochtaí uile iascaireachta a dhéanann na soithigh **[...]nó** na hiascairí lena mbaineann. Féachfaidh an t-údarás inniúil chuige go n-éireoidh an soitheach **nó an t-iascaire** lena mbaineann as aon ghníomhaíochtaí iascaireachta le linn na tréimhse a bhaineann leis an scor **[...] sealadach** agus go seachnófar an róchúiteamh i gcás ina n-úsáidfear an soitheach chun críocha eile.

[11] Longúinéirí

*Airteagal 19*

*Rialú agus forfheidhmiú*

1. **[...] <u>Chun an cuspóir sonrach in Airteagal 14(1) d) a bhaint amach trí iascaigh a rialú agus a fhorfheidhmiú go héifeachtúil, deonófar do thacaíocht chun</u>** córas rialaithe maidir le hiascaigh an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus mar a shonraítear a thuilleadh i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle **<u>agus Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle.</u>**

2. De mhaolú ar Airteagal 13(j), féadfar na nithe seo a leanas a chuimsiú sa tacaíocht dá dtagraítear i mír 1:

   a) comhpháirteanna riachtanacha a cheannach, agus a shuiteáil ar shoithí, do rianú éigeantach soithí agus córas tuairiscithe leictreonach a úsáidtear chun críocha rialaithe **[...]**;

   b) comhpháirteanna riachtanacha a cheannach, agus a shuiteáil ar shoithí, do chórais chianfhaireacháin leictreonacha a úsáidtear chun cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

   c) gléasanna a cheannach, agus a shuiteáil ar shoithí, do thomhas leanúnach éigeantach agus chun cumhacht tiomána innill a thaifeadadh.

**3.** **[...]**[12]

**4.** **[...]**

[12] Aithris

*Airteagal 20*

*Bailiú agus próiseáil sonraí ar mhaithe le bainistiú iascaigh agus **<u>dobharshaothraithe</u>** agus chun críocha eolaíocha*

**[...]** **[...] [...] <u>Chun na cuspóirí sonracha atá in Airteagal 14 (1) d) a bhaint amach trí bhíthin sonraí iontaofa don chinnteoireacht eolasbhunaithe, cuirfear tacaíocht ar fáil do</u>** thiomsú, bainistiú agus úsáid sonraí ar mhaithe le bainistiú iascaigh **<u>agus dobharshaothraithe</u>** agus chun críocha eolaíochta, dá bhforáiltear le hAirteagal 25(1), 25(2), agus 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004, bunaithe ar na pleananna oibre náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004.

**[...]**

**[...]**

**[...]**

*Airteagal 21*

*Cúiteamh ar chostais bhreise sna réigiúin is forimeallaí le haghaidh táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe*

1. **[...] [...] <u>Chun na cuspóirí sonracha atá in Airteagal 14 (1) e) a bhaint amach, cuirfear tacaíocht ar fáil do</u>** chúiteamh na gcostas breise a thabhaíonn na hoibreoirí le linn iascaireacht, fheirmeoireacht, phróiseáil agus mhargú táirgí áirithe iascaigh agus dobharshaothraithe ó na réigiúin fhorimeallacha a chumhdaítear faoi Airteagal 6(2).

2. Déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann, i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos de réir mír 7, an liosta de tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus cainníocht na dtáirgí sin atá incháilithe do chúiteamh a chinneadh do na réigiúin dá dtagraítear i mír 1.

3. Agus an liosta agus na cainníochtaí dá dtagraítear i mír 2 á mbunú acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na tosca ábhartha ar fad, go háirithe an gá lena áirithiú go bhfuil an cúiteamh ag luí go hiomlán le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh.

4. Ní dheonófar an cúiteamh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe:

a) a ghabhann soithí tríú tír, cé is moite de shoithí iascaireachta faoi bhratach Veiniséala a oibríonn in uiscí an Aontais, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle[13];

b) a ghabhann soithí iascaireachta an Aontais nach bhfuil cláraithe i gcalafort i gceann amháin de na réigiúin dá dtagraítear i mír 1;

c) a allmhairítear ó thríú tíortha.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4(b) má sháraíonn acmhainneacht reatha an tionscail próiseála sa réigiún is forimeallaí lena mbaineann cainníocht an amhábhair arna sholáthar.

6. Chun an róchúiteamh a sheachaint maidir leis an gcúiteamh a íocfar do na tairbhithe atá i mbun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 sna réigiúin is imeallaí nó a bhfuil soitheach ina seilbh acu atá cláraithe i gcalafort sna réigiúin sin, cuirfear san áireamh na nithe seo a leanas:

a) na costais bhreise a bhaineann le gach táirge iascaigh nó dobharshaothraithe nó le gach catagóir táirgí a thig ó mhíbhuntáistí sonracha na réigiún lena mbaineann; agus

b) aon chineál eile idirghabhála poiblí a dhéanann difear do leibhéal na gcostas breise.

7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52 lena leagtar síos na critéir maidir le ríomh na gcostas breise a eascraíonn as míbhuntáistí sonracha na réigiún lena mbaineann.

**13** Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015, maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar dheonú deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais do shoithí iascaireachta faoi bhratach Phoblacht Bholavarach Veiniséala sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince (IO L 244, 14.09.2015, lch. 55).

*Airteagal 22*

*Bithéagsúlacht [...] [...] **uisceach** agus éiceachórais **uisceacha** a chosaint agus a athbhunú*

1. **[...] [...] Chun na cuspóirí sonracha atá in Airteagal 14 (1) f) a bhaint amach, cuirfear tacaíocht ar fáil do** ghníomhaíochtaí maidir le cosaint agus athbhunú bithéagsúlachta **[...] éiceachóras uisceach**, lena n-áirítear in uiscí intíre.

2. D'fhéadfadh sé go gcuimseofaí na nithe seo a leanas, **inter alia**, leis an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1:

   a) cúitimh d'iascairí i dtrealamh iascaireachta caillte agus bruscar mara a bhailiú as an muir;

   b) infheistíochtaí i gcalafoirt **nó i mbonneagar eile** chun saoráidí glactha a sholáthar le haghaidh trealamh iascaireachta caillte agus bruscar mara a bhailiú as an muir;

   c) gníomhaíochtaí darb aidhm dea-stádas comhshaoil sa mhuirthimpeallacht a bhaint amach, mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE;

   d) cur chun feidhme na mbeart um chosaint spásúil arna nglacadh de bhun Airteagal 13(4) de Threoir 2008/56/CE;

   e) bainistiú, athshlánú**, faireachas** agus faireachán maidir le limistéir Natura 2000 **[...] agus na** creataí gníomhaíochta tosaíochta arna mbunú de bhun Threoir 92/43/CEE **á gcur san áireamh**;

   f) cosaint speiceas faoi Threoir 92/43/CEE agus faoi Threoir 2009/147/CE, **[...]** agus na creataí gníomhaíochta tosaíochta arna mbunú de bhun Threoir 92/43/CEE **á gcur san áireamh [...];[...] [...]**

   g) **athbhunú uiscí intíre i gcomhréir leis an gclár beart arna bhunú de bhun Airteagal 11 de Threoir 2000/60/CE.**

# CAIBIDIL III

## Tosaíocht 2: Gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe [...] agus próiseáil agus margú […] táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a chothú

### ROINN 1

### RAON FEIDHME NA TACAÍOCHTA

***Airteagal 22 nua***

***Cuspóirí sonracha***

1. **Leis an tacaíocht faoin gCaibidil seo, cumhdófar idirghabhálacha a rannchuideoidh le cuspóirí CBI a bhaint amach, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, trí dhíriú ar na [...] cuspóirí sonracha seo a leanas:**
   **(a) gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe a chur chun cinn.**
   **(b) margaíocht, cáilíocht agus breisluach táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a chur chun cinn, chomh maith le próiseáil na dtáirgí sin.**
2. **Féadfar a chumhdach freisin le tacaíocht faoi mhír 1 (a) dobharshaothrú lena gcuirtear seirbhísí comhshaoil ar fáil chomh maith le sláinte agus leas ainmhithe sa dobharshaothrú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus le Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.**
3. **Féadfaidh tacaíocht faoi mhír 1 (b) rannchuidiú le cuspóirí CEM a bhaint amach mar a fhoráiltear dó in Airt. 35 de Rialachán 1380/2013, lena n-áirítear na pleananna táirgíochta agus margaíochta mar a thuairiscítear iad in Airteagal 28 de Rialachán 1379/2013.**

# ROINN 2

# DÁLAÍ SONRACHA

*Airteagal 23*

*An dobharshaothrú*

1. **[…]**[14] **[...]**[15]

2. **[...]** **Chun an cuspóir sonrach atá** in **[...]** **Airteagal 22 mír nua 1 (a) a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí dobharshaothraithe a chur chun cinn,** beidh **an tacaíocht** comhleanúnach leis an bplean straitéiseach náisiúnta ilbhliantúil chun dobharshaothrú a fhorbairt dá dtagraítear in Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

3. **[...] .**

---

14 Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (IO L 84, 31.03.2016, lch. 1).

15 Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí, lena leasaítear Treoir 98/56/CE, Treoir 2000/29/CE agus Treoir 2008/90/CE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 66/399/CEE, Cinneadh 76/894/CEE agus Cinneadh 2009/470/CE ón gComhairle (IO L 189, 27.06.2014, lch. 1).

### *Airteagal 24*

### ***[...]***

### *Airteagal 25*

*Próiseáil na dtáirgí iascaireachta agus na dtáirgí dobharshaothraithe*

**[...]** . **[...]**

**[...]** . **A fhad a bhaineann le fiontair nach FBManna iad, [...] chun an cuspóir sonrach atá in Airteagal 22 mír nua 1 (b) a bhaint amach trí phróiseáil [...] ní dheonófar tacaíocht** ach amháin trí na hionstraimí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna] agus trí InvestEU, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin.

# CAIBIDIL IV

## Tosaíocht 3: Fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a chumasú agus [...] forbairt na bpobal iascaireachta agus dobharshaothraithe i gceantair chósta agus intíre [...] a chothú

### Roinn 1

### Raon feidhme na Tacaíochta

*Airteagal 25 nua*

*Cuspóir sonrach*

**Cumhdófar le tacaíocht faoin gCaibidil seo idirghabhálacha a chuidíonn le forbairt na bpobal iascaireachta agus dobharshaothraithe i gceantair chósta agus intíre.**

# ROINN 2

# DÁLAÍ SONRACHA

*Airteagal 26*

*An fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail*

1. **Chun an cuspóir sonrach atá in Airteagal nua 25 a bhaint amach, tabharfar tacaíocht do ghníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail mar a leagtar amach in Airteagal 25 de [Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna].**

2. Chun críche tacaíocht ó CEMI, áiritheofar leis na straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna] go mbainfidh pobail **iascaireachta nó dobharshaothraithe** áitiúla leas agus tairbhe níos fearr as na deiseanna dóibh a bhaineann leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe.

**Féadfaidh raon straitéisí a bheith ann, idir straitéisí atá dírithe ar iascach agus straitéisí níos forleithne atá dírithe ar éagsúlú limistéar iascaigh.**

***Airteagal 27***

***[...]***

# CAIBIDIL V

## Tosaíocht 4: Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus aigéin agus farraigí folláine, sábháilte, slána, glana a bhainistítear go hinbhuanaithe a áirithiú

### Roinn 1

### Raon feidhme na Tacaíochta

***Airteagal 26 nua***

***Cuspóir sonrach***

**Cumhdófar le tacaíocht faoin gCaibidil seo idirghabhálacha a chuidíonn le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan agus bainistiú inbhuanaithe farraige agus aigéin a neartú trí eolas faoi chúrsaí mara, faireachas muirí agus/nó le comhoibriú an gharda cósta a chur chun cinn.**

## ROINN 2

## DÁLAÍ SONRACHA

***Airteagal 27***

***Eolas faoi chúrsaí mara***

**Chun an cuspóir sonrach atá in Airteagal nua 26 a bhaint amach trí eolas muirí a chur chun cinn, tabharfar tacaíocht do ghníomhaíochtaí lena ndírítear ar shonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis maidir le staid na muirthimpeallachta, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:**

**(a) dea-stádas comhshaoil sa mhuirthimpeallacht a bhaint amach nó a chaomhnú, mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE;**

**(b) ceanglais a chomhlíonadh maidir le faireacháin agus ainmniú agus bainistiú láithreáin faoi Threoir 92/43/CEE agus faoi Threoir 2009/147/CE;**

**(c) tacaíocht a thabhairt do phleanáil spásúil mhuirí dá dtagraítear i dTreoir 2014/89/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16];nó**

**(d) feabhas a chur ar cháilíocht agus comhroinnt sonraí tríd an Líonra Eorpach um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí (EMODnet).**

*Airteagal 28*

*An faireachas muirí*

**[...]** **[...]** **Chun an cuspóir sonrach atá in Airteagal nua 26 a bhaint amach trí fhaireachas muirí a chur chun cinn, tabharfar tacaíocht do** ghníomhaíochtaí a chuidíonn le cuspóirí na **T[...]**impeallachta **C[...]**omónta um **C[...]**homhroinnt **F[...]**aisnéise a bhaint amach.

**2.** **[...]**

---

[16] Treoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí (IO C 257, 28.08.2014, lch. 135).

*Airteagal 29*

*Comhar na ngardaí cósta*

1. **[...]** **Chun an cuspóir sonrach atá in Airteagal nua 26 a bhaint amach trí chomhar an gharda cósta a chur chun cinn, tabharfar tacaíocht** do ghníomhaíochtaí, a bhfuil údaráis náisiúnta i mbun a ndéanta, a rannchuidíonn le comhar Eorpach ar fheidhmeanna garda cósta dá dtagraítear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], in Airteagal 2b de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] agus in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1626 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19].

**2.** **[...]**

**3.** **[...]**

---

17 Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach. agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 20007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/AE ón gComhairle (IO L 251, 16.09.2016, p. 1).

18 Rialachán (CE) Uimh. 2016/1625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 251, 16.09.2016, lch. 77).

19 Rialachán (AE) 2016/1626 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 768/2005 lena mbunaítear Gníomhaireacht Chomhphobail um Rialú ar Iascach (IO L 251, 16.09.2016, lch. 80).

# CAIBIDIL VI

## Rialacha le haghaidh cur chun feidhme faoi bhainistiú comhpháirteach

### ROINN 1

### TACAÍOCHT Ó CEMID

*Airteagal 30*

*[...] **Cúiteamh do** chostais bhreise nó ioncam ligthe thar ceal*

**[...]Cúiteamh [...] le haghaidh** costas breise nó ioncam ligthe thar ceal, déanfar é a dheonú faoi cheann de na foirmeacha dá dtagraítear i bpointí **[...] (b)** (c) **agus** (d) **[...]** d'Airteagal **[...]** **48(1)** de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna].

*Airteagal 31*

*Rátaí cómhaoinithe a chinneadh*

**Is é 80%** an t-uasráta cómhaoinithe CEMI**D** in aghaidh **[...]** **an chuspóra shonraigh cé is moite d'Airteagal 14 (1) (e) arb é** 100% é **[...].**

*Airteagal 32*

*Méid an chúnaimh phoiblí*

1. Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm uasráta cabhrach dar luach 50% de chaiteachas incháilithe iomlán na hoibríochta.

2. De mhaolú ar mhír 1, leagtar amach in Iarscríbhinn III uasrátaí sonracha cabhrach maidir le roinnt **[...]** **<u>cuspóirí sonracha</u>** agus cineálacha áirithe oibríochtaí.

3. I gcás ina gcuimsítear oibríocht amháin faoi roinnt de na línte 2 go **22[...] in** Iarscríbhinn III, is ag an uasráta cabhrach is airde a bheidh feidhm.

4. I gcás ina dtagann oibríocht amháin faoi cheann amháin nó níos mó de rónna 2 go **22 [...]** d'Iarscríbhinn III agus ina dtagann an oibríocht faoi ró 1 den Iarscríbhinn chéanna, beidh feidhm ag an t-uasráta cabhrach **<u>dá dtagraítear</u>** i líne 1.

## ROINN 2

### BAINISTIÚ AIRGEADAIS

*Airteagal 33*

*Briseadh a chur sa sprioc-am íocaíochta*

1. I gcomhréir le hAirteagal 90(4)(a) de [Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], féadfaidh an Coimisiún an spriocdháta a bhriseadh d'íocaíocht maidir le hiomlán an iarratais ar íocaíocht nó le cuid den iarratas sin i gcás ina mbíonn fianaise ann a thugann le fios nár chomhlíon Ballstát na rialacha a bhfuil feidhm leo faoi CBI más féidir go ndéanfaidh sé difear don chaiteachas atá in iarratas íocaíochta a bhfuil an íocaíocht eatramhach á hiarraidh ina leith.

2. Sula mbrisfear isteach ar spriocdháta d'íocaíocht dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát go bhfuil fianaise ann a thugann le fios nár comhlíonadh na rialacha agus tabharfar deis don Bhallstát barúlacha a chur i láthair laistigh de thréimhse réasúnta ama.

3. Beidh an briseadh isteach ar iomlán an chaiteachais dá dtagraítear i mír 1 comhréireach le cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh na neamhchomhlíontachta.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha [...] **cur chun feidhme** a ghlacadh [...] **chun** na cásanna de neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 1 [...] **a** shainiú. **Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53(2).**

*Airteagal 34*

*Íocaíochtaí a chur ar fionraí*

1. I gcomhréir le hAirteagal 91(3) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear ar fionraí iomlán na n-íocaíochtaí eatramhacha faoin gclár nó cuid de na híocaíochtaí sin i gcás neamhchomhlíonadh tromchúiseach na rialacha faoi CBI nuair is dócha go mbeadh tionchar ag an neamhchomhlíonadh tromchúiseach sin ar an gcaiteachas atá in iarratas ar íocaíocht a bhfuil an íocaíocht eatramhach á hiarraidh ina leith.

2. Sula gcuirfear íocaíocht ar fionraí dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát go measann an Coimisiún go bhfuil cás tromchúiseach ann de neamhchomhlíonadh na rialacha is infheidhme faoi CBI agus tabharfar deis don Bhallstát barúlacha a chur i láthair laistigh de thréimhse réasúnta ama.

3. Beidh an fionraí dá dtagraítear i mír 1 comhréireach, maidir le cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh an neamhchomhlíonta thromchúisigh.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha **[...] cur chun feidhme** a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52, chun na cásanna de neamhchomhlíonadh tromchúiseach dá dtagraítear i mír 1 [...] a shainiú [...]. **Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53(2).**

*Airteagal 35*

*Ceartuithe airgeadais ag na Ballstáit*

1. I gcomhréir le hAirteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], cuirfidh na Ballstáit ceartuithe airgeadais i bhfeidhm mura n-urramaítear na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Rialachán seo.

2. I gcásanna ina gcuirtear i bhfeidhm na ceartuithe airgeadais dá dtagraítear i mír 1, cinnfidh na Ballstáit méid an cheartaithe, agus beidh an ceartú sin comhréireach, ag féachaint do chineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh an tsáraithe nó an cheana a rinne an tairbhí agus tábhacht rannchuidiú CEMI**D** le gníomhaíocht eacnamaíoch an tairbhí.

*Airteagal 36*

*Ceartuithe airgeadais ag an gCoimisiún*

1. I gcomhréir le hAirteagal 98(5) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a dhéanfaidh ceartuithe airgeadais trí iomlán an rannchuidithe ón Aontais, nó cuid den rannchuidiú sin le clár ar leith, a chur ar ceal, más rud é, i ndiaidh dó tabhairt faoin scrúdú is gá, go measann sé:

   a) go n-imrítear tionchar ar chaiteachas a áirítear san iarratas ar íocaíocht i gcásanna nach n-urramaíonn an tairbhí na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 12(2) agus nár cheartaigh an Ballstát an caiteachas sin sular osclaíodh an nós imeachta ceartúcháin faoin mír seo;

   b) go n-imrítear tionchar ar chaiteachas a áirítear in iarratas ar íocaíocht i gcás neamhchomhlíonadh tromchúiseach rialacha CBI ag Ballstát agus inar cuireadh an íocaíocht ar fionraí faoi Airteagal 34 dá dheasca agus inar theip ar an mBallstát sin a thaispeáint go raibh na gníomhaíochtaí riachtanacha leasúcháin déanta aige lena áirithiú go gcomhlíonfaí agus go bhforfheidhmeofaí na rialacha is infheidhme sa todhchaí.

2. Cinnfidh an Coimisiún méid ceartúcháin agus cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh an neamhchomhlíonta thromchúisigh sin ag an mBallstát nó an tairbhí maidir le rialacha CBI, agus a thábhachtaí atá an ranníocaíocht ó CEMI**D** do ghníomhaíocht eacnamaíoch an tairbhí lena mbaineann.

3. I gcás nach féidir méid an chaiteachais a bhaineann le neamhchomhlíonadh rialacha CBI ag an mBallstát a chainníochtú go cruinn, cuirfidh an Coimisiún ceartúchán ráta comhréidh nó ceartúchán eachtarshuite airgeadais i bhfeidhm i gcomhréir le mír 4.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha **[...]** **cur chun feidhme** **[...]** a ghlacadh, **chun** na critéir **a chinneadh** **[...]** lena mbunófar leibhéal an cheartúcháin airgeadais a bheidh le cur i bhfeidhm a shuí agus na critéir le haghaidh cur i bhfeidhm ceartúchán rátaí comhréidh nó eachtarshuite airgeadais. **Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53(2).**

## Roinn 3

## Faireachán agus tuairisciú

*{Airteagal 37: "Creat faireacháin agus meastóireachta" - déanfar scrúdú breise air amach anseo]*

***Airteagal 38***

***[...]***

# TEIDEAL III: TACAÍOCHT FAOI BHAINISTIÚ DÍREACH AGUS INDÍREACH

*Airteagal 39*

*Raon feidhme geografach*

[...] **An tacaíocht dá dtagraítear sa** Teideal seo, d'fhéadfadh **[...]** **feidhm a** bheith aige freisin i gcás oibríochtaí **atá go hiomlán nó i páirt** **[...]** lasmuigh [...] **de Bhallstát, lena n-áirítear lasmuigh** den Aontas, cé is moite de chúnamh teicniúil.

## CAIBIDIL I

## **Tosaíocht 1:** An t-iascach inbhuanaithe agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha **[...]** **uisceacha** a chothú

*Airteagal 40*

*Cur chun feidhme an OECC*

Tacóidh CEMI**D** le cur chun feidhme CBI trí na nithe seo a leanas:

a) comhairle agus eolas eolaíoch a sholáthar chun críche cinntí fónta agus éifeachtúla maidir le bainistiú iascaigh faoi CBI a chur chun cinn, lena n-áirítear trí shaineolaithe a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí eolaíocha;

b) cur chun feidhme córas rialaithe iascaigh de chuid an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus mar a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle;

c) feidhmiú Chomhairlí Comhairleacha arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, a bhfuil cuspóir acu ar cuid de CBI é agus a bhfuil CBI á thacú aige;

d) ranníocaíochtaí deonacha le gníomhaíochtaí eagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéileálann le cúrsaí iascaigh, i gcomhréir le hAirteagal 29 agus le hAirteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

*Airteagal 41*[20]

*Farraigí atá glan agus folláin a chur chun cinn*

1. Tacóidh CEMI**D** le farraigí glana folláine a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí lena dtabharfar tacaíocht do chur chun feidhme Threoir 2008/56/CE agus trí ghníomhaíochtaí lena n-áiritheofar go mbeidh comhleanúnachas le dea-riocht comhshaoil a bhaint amach de bhun Airteagal 2(5)(j) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus lena n-áiritheofar cur chun feidhme na straitéise Eorpaí le haghaidh plaisteach i ngeilleagar ciorclach.

2. Beidh an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, go háirithe maidir leis an gcuspóir dea-stádas comhshaoil a bhaint amach mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE.

# CAIBIDIL II

## Tosaíocht 2: Gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe [...] a chothú agus próiseáil agus margú […] táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe

*Airteagal 42*

*Faisnéis maidir leis an margadh*

Tacóidh CEMI**D** le forbairt agus le scaipeadh na faisnéise maidir leis an margadh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a dhéanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013.

[20] Bogfar an tAirteagal seo go Caibidil IV "Tosaíocht 4: Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus aigéin agus farraigí folláine, sábháilte, slána, glana a bhainistítear go hinbhuanaithe a áirithiú

# CAIBIDIL III

## Tosaíocht 3: Fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a chumasú agus [...] <u>forbairt na bpobal iascaireachta agus dobharshaothraithe i gceantair chósta agus intíre</u> [...] a chothú

*Airteagal 43*

*Beartas muirí agus geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt*

Tacóidh CEMI**<u>D</u>** le cur chun feidhme an bheartais mhuirí trí na nithe seo a leanas:

a) geilleagar gorm inbhuanaithe ísealcharbóin aeráidseasmhach a chur chun cinn;

b) rialachas agus bainistiú comhtháite an bheartais mhuirí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí phleanáil spásúil mhuirí, straitéisí imchuach farraige agus comhar réigiúnach muirí;

c) feabhas a chur ar aistriú taighde agus ar an leas a bhaintear as an taighde, agus ar nuálaíocht agus teicneolaíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe, lena n-áirítear an Líonra Eorpach um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí (EMODnet);

d) feabhas a chur ar scileanna muirí, litearthacht maidir le cúrsaí na n-aigéan agus sonraí socheacnamaíocha faoin ngeilleagar gorm eacnamaíoch a chomhroinnt;

e) píblínte tionscadal agus ionstraimí airgeadais nuálacha a fhorbairt.

# CAIBIDIL IV

## Tosaíocht 4: Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus aigéin agus farraigí folláine, sábháilte, slána, glana a bhainistítear go hinbhuanaithe a áirithiú

*Airteagal 44*

*Slándáil agus faireachas muirí*

Tacóidh CEMI**D** le slándáil agus faireachán muirí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhroinnt sonraí, comhar idir an garda cósta agus gníomhaireachtaí, agus comhraicfidh CEMI in aghaidh gníomhaíochtaí gníomhaíochtaí coiriúla agus mídhleathacha ar muir.

*Airteagal 45*

*Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan*

Tacóidh CEMI**D** le cur chun feidhme an bheartais maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan trí na nithe seo a leanas:

a) Ranníocaíochtaí deonacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá gníomhach i réimse rialachas na n-aigéan;

b) comhar deonach le fóraim, eagraíochtaí, comhlachtaí agus institiúidí agus comhordú eatarthu i gcomhthéacs Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, Chlár Oibre 2030 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe agus comhaontuithe, socruithe agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta eile;

c) comhpháirtíochtaí aigéin a chur chun feidhme idir an tAontas agus gníomhaithe ábhartha aigéin;

d) comhaontuithe, socruithe agus ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha darb aidhm rialachas aigéan níos fearr a chur chun cinn, mar aon le gníomhaíochtaí, bearta, uirlisí agus eolas a áirithíonn aigéin fholláine, shábháilte, shlána, ghlana a bhainisteofar go hinbhuanaithe, an méid sin go léir a chur chun feidhme;

e) comhaontuithe, bearta agus uirlisí idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme chun an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú;

f) comhar agus forbairt idirnáisiúnta maidir le taighde agus sonraí aigéin.

# CAIBIDIL V

## Rialacha maidir le cur chun feidhme faoi bhainistiú díreach agus indíreach

*Airteagal 46*

*Cineálacha maoinithe ón Aontas*

1. Féadfaidh CEMI**D** cistiú a chur ar fáil in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais], go háirithe soláthar de bhun Theideal VII den Rialachán sin agus deontais de bhun Theideal VIII den Rialachán sin. Ina theannta sin, féadfaidh sé maoiniú a sholáthar i bhfoirm ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha, dá dtagraítear in Airteagal 47.

2. Féadfaidh saineolaithe neamhspleácha meastóireacht na dtograí deontais a chur i gcrích.

*Airteagal 47*

*Oibríochtaí measctha*

Déanfar oibríochtaí measctha faoi CEMI**D** a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir le InvestEU] agus Teideal X de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais].

*{Airteagal 48: "Meastóireacht" - díreofar uirthi sin amach anseo]*

*Airteagal 49*

*Iniúchtaí*

Iniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis nach bhfuil sainordú acu ó institiúidí nó ó chomhlachtaí de chuid an Aontais, sin é an bonn a bheidh leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais].

*Airteagal 50*

*Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht*

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe sin, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le CEMI, agus a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí CEMI**D**. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar CEMI**D**, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a mhéid a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 4.

*Airteagal 51*

*Eintitis incháilithe*

1. Beidh feidhm leis na critéir incháilitheachta a leagtar amach i mír 2 go 3 mar aon leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 197 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais].

2. Tá na heintitis seo a leanas incháilithe:

eintitis dhlíthiúla arna mbunú i mBallstát nó i dtríú tír a liostaítear sa chlár oibre faoi na coinníollacha a shonraítear i míreanna 3 agus 4;

aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó faoi aon eagraíocht idirnáisiúnta.

3. Go heisceachtúil, tá eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tír incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chlár i gcás ina mbíonn sin riachtanach chun cuspóirí gníomhaíochta ar leith a bhaint amach.

4. I bprionsabal, ba cheart d'eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár costais a rannpháirtíochta féin a sheasamh.

# TEIDEAL IV: FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

*{Airteagal 52: "Tarmligean a fheidhmiú" - déanfar scrúdú breise air amach anseo]*

*Airteagal 53*

*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an Coiste um an gCiste Eorpach Muirí **[...]** Iascaigh **agus Dobharshaothraithe** cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21].

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal **[...]** **5** de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

[21] Rialachán (AE) 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.02.2011, lch. 13).

# TEIDEAL V: FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

## Airteagal 53a

## Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1004

**Leasaítear Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004 mar seo a leanas:**
**(1) In Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004, cuirtear an méid seo a leanas in ionad (1) na chéad mhíre agus an dara mír:**
**"1. Gan dochar do na hoibleagáidí bailithe sonraí atá orthu faoi láthair faoi dhlí an Aontais, baileoidh na Ballstáit sonraí faoi chuimsiú cláir oibríochtúil, arna ullmhú i gcomhréir le clár ilbhliantúil an Aontais ('plean oibre náisiúnta')**
**2. I gcás ina n-ullmhófar dréachtphlean oibre náisiúnta, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann faoi bhráid an Choimisiúin é faoin 31 Deireadh Fómhair den bhliain roimh an mbliain a mbeidh feidhm ag an bplean oibre, ach murab é go mbíonn plean eile fós i bhfeidhm, agus i gcás mar sin, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoin méid sin.**
**3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena bhformheastar nó lena leasaítear na pleananna oibre dá dtagraítear i mír 1 agus 1a faoin 31 Nollaig an bhliain roimh an mbliain a mbeidh feidhm ag an bplean oibre. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, agus na pleananna oibre náisiúnta á bhformheas aige i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán seo, an mheastóireacht a dhéanfaidh an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán seo. Má thugann an mheastóireacht sin le fios nach gcomhlíonann an plean oibre náisiúnta an tAirteagal seo nó nach n-áirithíonn sé ábharthacht eolaíoch na sonraí nó cáilíocht leordhóthanach na modhanna agus nósanna imeachta atá beartaithe, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann ar an eolas láithreach agus molfaidh sé leasuithe ar an bplean oibre sin ar leasuithe iad a mheasann an Coimisiún go bhfuil gá leo. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann plean oibre náisiúnta athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin."**

**(2). Cuirtear isteach an mhír 5 seo a leanas:**

**"5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le nósanna imeachta, formáidí agus tráthchláir i ndáil leis na pleananna oibre náisiúnta, dá dtagraítear i mír 1, a chur faoina bhráid. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25(2)."**

*Díreofar ar {Airteagal 55 "Aisghairm", Airteagal 55 "Forálacha idirthréimhseacha" agus Airteagal  6 "Teacht i bhfeidhm agus an dáta cur i bhfeidhm" - amach anseo i gcomhréir leis an gcur chuige a ghlactar i Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna]}*

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

*{Iarscríbhinn I: "Comhtháscairí" - déanfar scrúdú breise orthu amach anseo]*

## IARSCRIBHINN II

[...]

**[…]**

**[…]**

## EAGRÚ TACAÍOCHTA FAOI BHAINISTIÚ COMHROINNTE

| Cuspóirí beartais i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna] | Tosaíochtaí CEMID | CEMID Cuspóirí Sonracha | Na focail atá le húsáid sa phlean airgeadais |
|---|---|---|---|
| Eoraip níos glaise a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, an t-oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí a chur chun cinn | 1. An t-iascach inbhuanaithe agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara a chothú | Gníomhaíochtaí iascaireachta a bheidh inbhuanaithe go sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de a neartú | 1.1 |
| | | Éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí CO2 a laghdú | 1.2 |
| | | Oiriúnú na hacmhainneachta iascaireachta do dheiseanna iascaireachta a chur chun cinn agus rannchuidiú le caighdeán cóir maireachtála nuair is gá, i gcásanna áirithe, gníomhaíochtaí iascaireachta a scor go sealadach | 1.3 |
| | | Rialú iascaigh éifeachtach agus sonraí iontaofa le haghaidh cinntí eolasbhunaithe a chothú | 1.4 |
| | | Cothroime iomaíochta do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe sna réigiúin is forimeallaí a chur chun cinn | 1.5 |
| | | Rannchuidiú le cosaint agus le hathbhunú éiceachórais uisceacha | 1.6 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 2. Gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe agus próiseáil agus margú […] táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a chothú | Gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe, agus inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de, a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 34(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 | 2.1 |
| | | Margaí iomaíocha, trédhearcacha agus cobhsaí do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a fhorbairt, chomh maith le próiseáil na dtáirgí sin, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE). Uimh. 1380/2013 agus le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 | 2.2 |
| | 4. Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus aigéin agus farraigí folláine, sábháilte, slána, glana a bhainistítear go hinbhuanaithe a áirithiú | Bainistiú inbhuanaithe farraige agus aigéin a neartú trí eolas faoi chúrsaí mara, faireachas muirí agus/nó le comhoibriú an gharda cósta a neartú | 4.1 |
| Eoraip atá níos giorra do na saoránaigh trí fhorbairt inbhuanaithe chomhtháite limistéar uirbeach, tuaithe agus cósta a chothú agus tionscnaimh áitiúla | 3. Fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a chumasú agus pobail iascaireachta agus dobharshaothraithe i gceantair chósta agus intíre a chothú agus a fhorbairt | Pobail iascaireachta agus dhobharshaothraithe i gceantair chósta agus intíre a fhorbairt | 3.1 |
| | Cúnamh teicniúil | | |

## IARSCRÍBHINN III

NA hUASRÁTAÍ SONRACHA DON GHRÁD CÚNTA FAOI CHOMHBHAINISTIÚ

| UIMHIR NA SRAITHE | CINEÁL OIBRÍOCHTA | AN tUASRÁTA SA GHRÁD CÚNTA |
|---|---|---|
| 1 | An chéad uair soitheach iascaireachta á fháil, nó príomhinneall nó inneall coimhdeach a ionadú nó a nuachóiriú | **<u>40%</u>** |
| 2 | Oibríochtaí a chuireann comaoin ar an gcur chun feidhme a ghabhann le hoibleagáid na gabhála éisc dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus a chuireann feabhas ar an roghnaíocht méideanna, nó ar an acmhainn roghnaíocht speiceas atá sa trealamh iascaireachta | 100% |
| 3 | Oibríochtaí a chuireann comaoin ar an gcur chun feidhme a ghabhann le hoibleagáid na gabhála éisc dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013:<br>- oibríochtaí a chuireann feabhas ar bhonneagar na gcalafort iascaireachta, ar na hallaí ceantála, ar na láithreacha a gcuirtear an t-iasc i dtír, agus ar an bhfoscadh a bhíonn ar fáil, chun an t-iasc a gabhtar de thaisme a chur i dtír agus a stóráil go héasca;<br>- oibríochtaí **[...]** i gcomhréir le hAirteagal 8(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013. | 75% |
| 4 | Oibríochtaí a chuireann feabhas ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar dhálaí oibre ar bord soithí iascaireachta | 75% |
| 5 | Oibríochtaí atá lonnaithe sna réigiúin is forimeallaí | 85% |

| | | |
|---|---|---|
| 6 | Oibríochtaí atá lonnaithe ar Oileáin iargúlta na Gréige agus ar oileán Dugi Otok, Vis, Mljet agus Lastovo sa Chróit | 85% |
| 7 | Airteagal 19<br>Rialú agus forfheidhmiú | 85% |
| 8 | Oibríochtaí a bhaineann leis an iascaireacht cois cósta ar mionscála (lena n-áirítear an rialú agus an forfheidhmiú) | 100% |
| 9 | Nuair is comhlacht poiblí dlí atá sa tairbhí, nó gnóthas a bhfuil oibriú seirbhísí ar mhaithe le leas coiteann na heacnamaíochta de chúram air, de réir mar a thagraítear dó sin in Airteagal 106(2) den Chonradh, i gcás ina gceadaítear tacaíocht leis na seirbhísí sin a chur chun oibre | 100% |
| 10 | Cúitimh a bhaineann le costais bhreise nó ioncam a tarscaoileadh faoi Airteagal 30 lena n-áirítear faoi 17, 18, 21 agus 23 | 100% |
| 11 | Airteagal 20<br>Bailiú agus próiseáil sonraí ar mhaithe le bainistiú iascaigh agus dobharshaothraithe agus chun críocha eolaíocha | 100% |
| 12 | Airteagal 22<br>Bithéagsúlacht agus éiceachórais mhara, chósta agus intíre a chosaint agus a athbhunú | 100% |
| 13 | Airteagal 23<br>Oibríochtaí ag tacú le dobharshaothrú inbhuanaithe arna gcur chun feidhme ag FBManna | 60 % |

| | | |
|---|---|---|
| 14 | Airteagal 26<br>An fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail<br>Oibríochtaí a chomhlíonann ceann ar a laghad de na critéir seo a leanas:<br>(i) leas comhchoiteann;<br>(ii) tairbhí comhchoiteann;<br>(iii) go bhfuil sainghnéithe nuálacha aici, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal áitiúil **nó áirithítear léi rochtain phoiblí ar thorthaí na n-oibríochtaí.** | 100% |
| 15 | Costais reatha ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta iascaireachta | 100% |
| 16 | Oibríochtaí seachas na cinn a chumhdaítear i ró 14 a chomhlíonann na critéir seo a leanas:<br>(i) leas comhchoiteann;<br>(ii) tairbhí comhchoiteann;<br>(iii)go bhfuil sainghnéithe nuálacha aici, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal áitiúil **nó áirithítear léi rochtain phoiblí ar thorthaí na n-oibríochtaí.** | 100% |
| 17 | Oibríochtaí a **bhaineann le [...]** heolas faoi chúrsaí na mara, faireachas muirí nó comhar na ngardaí cósta | 100% |

| | | |
|---|---|---|
| 18 | Oibríochtaí a bhaineann le dearadh, le forbairt, le faire, le measúnú agus le bainistiú ar chórais thrédhearcacha sa mhalartú deiseanna iascaireachta idir na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 | 100% |
| 19 | Oibríochtaí a thacaíonn le táirgí nuálacha, próisis nó trealaimh iascaigh, dhobharshaothraithe agus na próiseála | 75% |
| 20 | Oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí de tháirgeoirí nó comhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí nó d'eagraíochtaí idirchraoibhe | 75% |
| 21 | Oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí iascairí nó tairbhithe comhchoiteanna | 60% |
| 22 | Ionstraimí Airgeadais | 100% |

## <u>IARSCRÍBHINN IV</u>

Na comhéifeachtaí le méid na tacaíochta a ríomh agus i gcás spriocanna a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide

| **[...] BAIL SHONRACH NÓ [...] CUSPÓIR SONRACH** | **NA FOCAIL ATÁ LE hÚSÁID SA CHLÁR** | **Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh** | **Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh** |
|---|---|---|---|
| *Caiteachas ag rannchuidiú le tosaíocht 1:* An t-iascach inbhuanaithe agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha **[...]<u>na mara</u>** a chothú | | | |
| *Airteagal 14(1)* ***a)***<br>*[...]*<br>**<u>Gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe a neartú ó thaobh na heacnamaíochta, na sochaí agus an chomhshaoil de, ach gan an chéad uair soitheach iascaireachta á fháil á chur san áireamh</u>** | 1.1 | 40% | 100% |
| *Airteagal 16*<br>***[...] <u>An chéad [...] soitheach iascaireachta á fháil</u>[...]*** | 1.1 | 0%* | 0% i gcás caiteachas a bhaineann leis an gcéad uair soitheach iascaireachta á fháil ag iascaire óg<br>**[...]** |
| **<u>Airteagal 16 nua</u>**<br>**<u>Príomhinneall nó inneall coimhdeach a ionadú nó a nuachóiriú</u>** | **<u>1.2</u>** | **<u>40%</u>** | **<u>40%</u>** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **[...]**<br>***[...]*** | **[...]** | **[...]** | **[...]** |
| Airteagal 17**[...]**<br>*Stop buan a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta* | 1.**[...]** **<u>3</u>** | 100% más de bharr cur ó úsáid an tsoithigh iascaireachta a cheadaítear an tacaíocht<br>0%* más de bharr iarfheistiú an tsoithigh iascaireachta<br>le haghaidh gníomhaíochtaí seachas an iascaireacht tráchtála a cheadaítear an tacaíocht | 0 % * |
| Airteagal 18<br>***[...]*** *Stop* ***<u>sealadach</u>*** *a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta* | 1.**[...]** **<u>3</u>** | 40% | 40% |
| Airteagal 19<br>*Rialú agus forfheidhmiú* | 1.**[...]** **<u>4</u>** | 0% | 40% |
| Airteagal 20<br>*Bailiú agus próiseáil sonraí ar mhaithe le bainistiú iascaigh agus* ***<u>dobharshaothraithe</u>*** *agus chun críocha eolaíocha* | 1.**[...]** **<u>4</u>** | 0% | 40% |
| Airteagal 21<br>*Cúiteamh ar chostais bhreise sna réigiúin is forimeallaí*<br>*le haghaidh táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe* | 1.**[...]** **<u>5</u>** | 0% | 0% |
| Airteagal 22<br>*Bithéagsúlacht agus éiceachórais mhara,* ***[...]*** *chósta* ***<u>agus intíre a</u>*** *chosaint agus a athbhunú* | 1.**[...]** **<u>6</u>** | 40% | 100% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Caiteachas ag rannchuidiú le tosaíocht 2:* **Gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe** agus <u>**próiseáil agus marg[…]aíocht táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a chothú**</u>**[…]** | | | |
| Airteagal 23<br>*An dobharshaothrú* | 2.1 | 0 % * | 40% |
| **[...]**<br>***[...]*** | **[...]** | **[...]** | **[...]** |
| Airteagal **[...] 22 nua**<br>***[...]***<br><u>**Margaí iomaíocha, trédhearcacha agus cobhsaí do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a fhorbairt, chomh maith le próiseáil na dtáirgí sin, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE). Uimh. 1380/2013 agus le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013**</u> | 2 <u>**nua**</u>.1 | 0 % * | 0% |
| *Caiteachas ag rannchuidiú le tosaíocht 3:* Fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a chumasú agus **[...]** <u>**pobail iascaireachta agus dobharshaothraithe**</u> [...] <u>**i gceantair chósta agus intíre a chothú agus a fhorbairt;**</u> | | | |
| Airteagal 26<br>*An fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail* | 3.1 | 0 % * | 40% |
| **[...]**<br>***[...]*** | **[...]** | **[...]** | **[...]** |
| *Caiteachas ag rannchuidiú le tosaíocht 4: Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus aigéin agus farraigí folláine, sábháilte, slána, glana a bhainistítear go hinbhuanaithe a áirithiú* | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Airteagal 27**<br>***Eolas faoi chúrsaí mara*** | **4.1** | **40%** | **100%** |
| Airteagal 28<br>*An faireachas muirí* | 4.1 | 0% | 0% |
| Airteagal 29<br>*Comhar na ngardaí cósta* | 4.1 | 0% | 0% |
| *Caiteachas ag rannchuidiú le cúnamh teicniúil* | | | |
| *Cúnamh teicniúil* | 5.1 | 0 % * | 0 % * |

* Féadfaidh Ballstát moladh a chur sa chlár atá aige go ndéanfaí comhéifeacht 40% a leithdháileadh ar **chuspóir sonrach nó ar choinníoll sonrach** **[...]** a bhfuil * leis sa tábla ach a bhféadfadh sé ábharthacht **an chuspóra shonraigh sin nó an choinníll shonraigh sin[...]** don oiriúnú don athrú aeráide, nó do spriocanna a bhaineann leis an gcomhshaol, a thaispeáint, de réir mar is iomchuí.

**[IARSCRÍBHINN V - foráil idir lúibíní]**